C/2025/5908

5.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12173 - AMPHENOL / COMMSCOPE (CONNECTIVITY AND CABLE SOLUTIONS))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5908)

1. An 24 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Amphenol Corporation ('Amphenol', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— CommScope Technologies LLC ('CommScope Technologies', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú deiridh CommScope Holding Company, Inc (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Amphenol rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar CommScope Technologies ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir agus soláthróir domhanda nascóirí, córas idirnaisc, braiteoirí, táirgí braiteoir-bhunaithe, aeróg agus cáblaí speisialtachta é Amphenol,

— Soláthraíonn CommScope Technologies réitigh maidir le nascacht agus cáblaí copair agus snáthoptaice (ardbhonneagar) do lárionaid sonraí, do chuideachtaí teileachumarsáide, don tionscal cáblaí, do líonraí leathanbhanda cónaithe agus d'fhiontair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12173 – AMPHENOL / COMMSCOPE (CONNECTIVITY AND CABLE SOLUTIONS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË